# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/341 ÓN gCOMHAIRLE

**an 28 Feabhra 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES.

(2) An 18 Feabhra 2022, d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 751 (1992) ó Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine amháin a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J.-Y. LE DRIAN

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch 17.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirfear na daoine a liostaítear thíos leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES:

I. **Daoine**

“21. **Ali Mohamed RAGE (dá ngairtear freisin: a) Ali Mohammed Rage b) Ali Dheere c) Ali Dhere d) Ali Mohamed Rage Cali Dheer e) Ali Mohamud Rage).**

**Ainmniúchán**: Urlabhraí Al-Shabaab

**Dáta breithe**: 1966

**Áit bhreithe**: An tSomáil

**Náisiúntacht**: An tSomáil

**Seoladh**: an tSomáil

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 18 Feabhra 2022

**Faisnéis eile**:

Liostaithe de bhun mhír 43(a) de rún 2093 (2013) as ‘Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuireann an próiseas síochána agus athmhuintearais i mbaol, nó a bhagraíonn foréigean ar Rialtas Cónaidhme na Somáile nó AMISOM.’ Mar urlabhraí le haghaidh Al-Shabaab, bíonn Rage rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta an ghrúpa a chur chun cinn agus tacú leo.”